**11 Márta 2009** **Uimh. Thag.: NCSE 02/09**

# Do: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal, Pobail agus Cuimsitheacha, agus Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**Eolas agus Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal**

**maidir le Próiseáil Iarratas ar Acmhainní**

**do Dhaltaí le Riachtanais Oideachais Speisialta**

***Rinne NCSE 02/05 agus Ciorclán Oid. Speis. PPT 01/05 na Roinne Oideachais & Eolaíochta (DES) cur síos ar an seasamh maidir le cur isteach iarratas ar acmhainní (tacaíocht bhreise múinteoireachta, SNA, teicneolaíocht chúnta agus iompar) ar an gComhairle maidir le daltaí le riachtanais oideachais speisialta (SEN). Ba cheart do scoileanna tagairt a dhéanamh do na treoirlínte seo freisin agus iarratais á gcur isteach.***

***Is é an ról atá ag NCSE ná acmhainní a leithdháileadh ar scoileanna i gcomhair na céad bliana acadúla eile, ag cur san áireamh na daltaí nua sin a chláraíonn agus a mbíonn riachtanais oideachais speisialta acu agus na daltaí sin a bhíonn ag fágáil agus a raibh acmhainní á bhfáil acu. Ní mór a thabhairt ar aird maidir leis na daltaí sin a bhfuil tacaíocht SNA á fáil acu, go bhféadfadh laghdú a theacht ar an tacaíocht seo in imeacht ama, de réir mar a thagann feabhas ar a scileanna maidir le maireachtáil neamhspleách.***

***Tá an próiseas iarratas i bhfeidhm le 5 bliana anuas agus tuigeann scoileanna conas a oibríonn an próiseas. Beidh an nós imeachta d'iarratais do 2009 mórán mar a bhí i bhfeidhm i 2008 (tag. NCSE 02/08)***

***Is féidir rochtain a fháil ar chóipeanna de NCSE 02/05, Ciorc. DES PPT 01/05 agus NCSE 02/08 ar láithreán gréasáin NCSE ag*** **Achoimre ar an bPróiseas Iarratas**

**Achoimre ar an bPróiseas Iarratas**

Is féidir iarratais a chur isteach láithreach agus feidhm á baint as na foirmeacha atá leis seo agus atá ar fáil freisin ó láithreán gréasáin NCSE. Ní mór na foirmeacha a chomhlánú go hiomlán roimh chead a fháil ó thuismitheoirí agus iad a sheoladh chuig an SENO. Seolfar foirmeacha iarratais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán ar ais, rud a chuirfidh moill ar an bpróiseas.

**Ní féidir iarratas nach bhfuil Uimhir PPS air a phróiseáil**. Is féidir le tuismitheoirí an uimhir a fháil más gá ó Rannóg Chéannachta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroma, Uimh. Gutháin 01-7043281, nó is féidir leo dul i dteagmháil leis an oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

**Mar chuid den iarratas ar thacaíocht SNA ní mór foirm phróifíl SNA (Aguisín 4) a chomhlánú go hiomlán**. Taispeánfaidh sin an bealach ina bhfeidhmítear cohórt SNA sa scoil faoi láthair agus cabhróidh maidir le pleanáil do thacaíocht SNA a bheidh de dhíth amach anseoTáimid i mbun socruithe chun leagan leictreonach den fhoirm seo a chur ar fáil

Ba chóir do gach scoil, lena n-áirítear scoileanna nach bhfuil iarratais nua ar acmhainní á gcur isteach acu i gcomhair Mheán Fómhair 09, na daltaí sin le SEN, nach mbeidh ag filleadh i Meán Fómhair 09, a liostú (Aguisín 5) Teastaíonn sé sin le gur féidir le SENO cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh scoile i gcomhair Mheán Fómhair 2009 agus acmhainní saortha na scoile sin á gcur san áireamh.

Ba chóir go mbeadh na treoirlínte nua maidir le hiompar scoile, a bhaineann go príomha le hiompar chuig scoileanna/ ranganna speisialta agus a d'eisigh an DES le déanaí, ar eolas ag scoileanna.

*Ba chóir go mbeadh na hiarratais curtha isteach roimh 22 Aibreán sa chaoi gur féidir cinneadh a eisiúint maidir le leithdháileadh na scoile do 09/10 roimh dheireadh na scoilbhliana 08/09.*

I gcás iarratais do cheantair a bhfuil an SENO ar saoire bhreisithe, ba cheart an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh chuig an ngnáthsheoladh, áit a ndéanfar iad a phróiseáil go háitiúil.

Tá sé an-tábhachtach go n-úsáidtear na tuarascálacha gairmiúla is déanaí agus iarratais á ndéanamh.Ach i gcás na míchumas seo a leanas, ní mór eolas breise a chur le tuarascálacha roimh Eanáir 2005;

Míchumas Foghlama Éadrom Teorannach
Sain-Mhíchumas Foghlama

Tá an t-eolas tacaíochta a theastaíonn leagtha amach in *Aguisín 8*. Os rud é gur cuireadh tús le haistriú na bhfeidhmeanna ó DES go dtí an Chomhairle in Eanáir 2005 is dócha nach mbeidh feidhm leis an socrú gearrthéarma seo an bhliain seo chugainn.

Beidh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla de na treoirlínte agus na foirmeacha ar fáil ar láithreán gréasáin NCSE www.ncse.ie

Sé Goulding
Ceannasaí Oibríochtaí